seai ÚDARÁS FUINNIMH INMHARTHANA NA HÉIREANN

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Bí Clúdaithe, Bí Te

príomhtheachtaireacht: má chuirimid insliú inár dtithe, inár scoileanna agus inár n-oifigí ní bheidh orainn an oiread céanna teasa a úsáid agus spárálfaimid fuinneamh.



**nasc leis an gcuraclam osie:**
Snáithe – Fuinneamh agus Fórsaí
Snáithaonad – Teas

**forbairt scileanna:**
Tuar, imscrúdú, tástáil, tomhas, taifeadadh agus anailísiú

**deiseanna comhtháthaithe:**
OSIE: Eolaíocht agus Tíreolaíocht – Feasacht agus Cúram Imshaoil
Matamaitic: Sonraí – Sonraí a léiriú agus a léirmhíniú, e.g. Barrachairteacha, líneghraif

# Bí Clúdaithe, Bí Te

**Príomhtheachtaireacht: má chuirimid insliú inár dtithe, inár scoileanna agus inár n-oifigí ní bheidh orainn an oiread céanna teasa a úsáid agus spárálfaimid fuinneamh. Má laghdaímid an fuinneamh teasa a úsáidimid, beimid ag cuidiú le hacmhainní neamh-in-athnuaite an domhain a chaomhnú. Is iad sin ola, gás agus gual. Is lú báisteach aigéadach a bheidh á cruthú againn freisin (féach Déanann Aigéad Dochar agus Fainic! Báisteach Aigéadach) agus laghdóimid an téamh domhanda (féach Fuinneamh In-athnuaite).**

## Sula dtósóidh tú

Beimid ag féachaint inniu ar an gcaoi ar féidir le hinsliú cuidiú linn acmhainní an domhain a chaomhnú.

Bain leas as an séasúr agus as an aimsir ar an lá chun tús a chur le plé ar theas agus ar theocht, i.e. tá an aimsir fuar nó te, cé na héadaí atá á gcaitheamh ag na leanaí, cibé an bhfuil an teas ar siúl sa scoil nó nach bhfuil etc.

Seans go bhféadfaí mapa coincheapanna ar an topaic 'Teas' a úsáid chun tús a chur leis an ngníomhaíocht seo.

- Cad a dhéanann sibh nuair a mhothaíonn sibh fuar? *Seans go molfadh na leanaí a lámha a chuimilt le chéile, dul ag rith, an téamh lárnach a chasadh air, na doirse agus na fuinneoga a dhúnadh, éadaí breise a chaitheamh, etc...*
- Cad a tharlaíonn nuair a chuirimid cóta orainn féin? *Seans go ndéarfadh na leanaí go gcoinníonn sé an fuacht amach, nó an teas istigh nó.........*
- Cé na héadaí a chaitheann daoine a chónaíonn i dtíortha atá te? *Má tá leanaí ó thíortha eile sa ranga deis mhaith a bheadh ann labhairt ar éadaí a dtíortha féin, ar aimsir na tíre sin, ar an saghas éadaigh a ndéantar na héadaí as, etc.*
- Cén fáth a n-úsáidimid spúnóg adhmaid chun bia atá te a shuaitheadh?
- Conas a choimeádfá anraith te ar feadh tamaill dá mbeadh an fleasc briste?

## Cúlra

Is fearr mar inslitheoirí iad ábhair áirithe seachas ábhair eile. Is seoltóirí maithe teasa iad miotail, e.g. spúnóg mhiotail in uisce te. Ar an láimh eile, ní seoltóirí maithe teasa iad cadás, spúinse ná rudaí atá clúmhach mar go mbíonn aer sáinnithe istigh iontu agus nach seoltóir maith é aer. Nuair a bhíonn cuasbhallaí i bhfoirgnimh bíonn sraith aeir idir na brící ionas nach n-éalóidh an teas amach. Insliú is ea é sin. Is minic a chuirtear snáithín gloine san áiléar mar go mbíonn aer sáinnithe istigh ann agus nach n-éalaíonn an teas amach tríd.


seai ÚDARÁS FUINNIMH INMHARTHANA NA HÉIREANN
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Bí Clúdaithe, Bí Te

**Conas is féidir linn insliú a imscrúdú?**

## Beidh na nithe seo uait

Thart ar 6 eascra phlaisteacha

6 bhanda rubair

Teirmiméadar (cinn alcóil, ní mholtar cinn mhearcair mar go bhfuil mearcair nimhneach)

Spúnóga éagsúla, e.g. cinn mhiotail, phlaisteacha, adhmaid

Ábhair éagsúla (atá mór go leor le filleadh timpeall ar na heascraí uair amháin ar a laghad) e.g. olann, cadás, cumhdach bolgóideach, nuachtán, olann chadáis, mála plaisteach, etc.

Soláthar d'uisce te

## Céimeanna

1. Roinn na leanaí ina ngrúpaí agus dáil na nithe thuas orthu.
2. Iarr ar na leanaí sampla amháin de gach spúnóg a leagan ar a leicne nó ar a lámh féachaint an mothaíonn siad ar fad mar a chéile. Mothaíonn na cinn mhiotail níos fuaire toisc gur seoltóir maith teasa é miotal agus ligeann sé don teas sreabhadh amach as an gcolainn.
3. Cuir uisce te isteach sna heascraí agus cuir spúnóga difriúla isteach san uisce. Fiafraigh de na leanaí cé na spúnóga a fhanfaidh te nuair a bhainfear amach as an uisce iad. Seans go ndéarfaidís go leáfadh an plaisteach nó go mbeadh an spúnóg mhiotail róthe le breith uirthi.
4. Fill na hábhair éagsúla thuas timpeall ar na heascraí uair amháin ar a laghad agus feistigh leis na bandaí rubair iad.
5. Breac síos teocht an uisce.
6. Breac síos teocht an uisce gach 2 nóiméad, le cúnamh cloig nó uaireadóra, ar feadh suas le 10 nó 15 nóiméad (pé am a shocraítear).
7. Breac síos na teochtaí gach 2 nóiméad sa bhileog taifeadta ag deireadh an cheachta seo.

# Bí Clúdaithe, Bí Te

## Pléigh

- Cén t-ábhar is faide a choinnigh an t-uisce te?
- Cén fáth, dar libh, ar choinnigh ábhair áirithe an t-uisce te níos faide ná ábhair eile? Bhí níos mó spás aeir sna hábhair sin, agus is drochsheoltóir teasa é aer. Is inslitheoir maith é freisin.

## An raibh a fhios agat?

Tá ceann de na hinslitheoirí is fearr ar domhan thart timpeall orainn agus níl costas ar bith air - AER! Tá gnáthaer go maith chun cosc a chur le héalú teasa; go leor de na hábhair a úsáidimid le coinneáil te teolaí, bíonn aer sáinnithe iontu, mar shampla cuilteanna, scaifeanna olla, veisteanna sreangán.

Is tithe a úsáideann an tríú cuid den fhuinneamh a úsáidtear san AE. Is féidir deontais a fháil ón SEAI chun tithe a insliú.

Cuireann éin a gcleití ina seasamh chun aer a sháinniú nuair a bhíonn an aimsir fuar.

Má chastar an teas síos 1°C, laghdaítear na hastuithe faoi 10%... agus sábháiltear 10% ar bhillí teasa.

Úsáid bolgáin solais atá tíosach ar fhuinneamh nó cinn dsf seachas cinn tungstain – úsáideann siad an cúigiú cuid den fhuinneamh agus maireann siad 10 n-uaire níos faide.



## Sábháilteacht

Bí cúramach le huisce te


seai ÚDARÁS FUINNIMH INMHARTHANA NA HÉIREANN
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Bí Clúdaithe, Bí Te

## Gníomhaíochtaí Breise

- D'fhéadfadh na leanaí féachaint ar fud na scoile le fáil amach cé na háiteanna a bhféadfaí insliú a dhéanamh orthu, e.g. fuinneoga nó doirse nach bhfuil ag dúnadh i gceart. D'fhéadfaidís cur i láthair PowerPoint nó leabhrán a chur le chéile a mholfadh bealaí don phríomhoide chun an scéal a chur ina cheart.
- Smaoinigh ar bhealaí difriúla chun an teas a choinneáil laistigh de theach le nach mbeadh an oiread céanna gá le tinte, le teas lárnach, etc. Cuir i gcás cuasbhallaí, fuinneoga déghloinithe, insliú snáithín gloine san áiléar, seaicéad inslithe a chur timpeall ar shorcóir an uisce the, doirse a dhúnadh, séideáin ghaoithe a choinneáil amach, etc.
- Fill ábhar dubh thart timpeall ar eascra amháin d'uisce te agus fill ábhar bán thart timpeall ar an gceann eile agus fág faoin ngrian iad. Breac síos teocht an dá cheann acu tar éis tamaill. An bhfuil aon difear eatarthu? Súnn ábhair dhorcha níos mó teasa (agus níos mó solais) isteach ná ábhair bhána. Sin an fáth a gcaitheann daoine i dtíortha teo éadaí geala bána. Súnn painéil ghréine dhubha teas na gréine isteach chun uisce a théamh nó leictreachas a ghiniúint.
- Nuair a bhíonn tuismitheoirí ag ceannach fearas leictreach nua, ba chóir do na leanaí tabhairt orthu féachaint ar na lipéid fuinnimh a bhíonn orthu: A (an ceann is tíosaí) – G (an ceann is mó a úsáideann fuinneamh).

## Suíomhanna idirlín úsáideacha

www.seai.ie/schools

www.primaryscience.ie/activities_introduction.php

www.epa.ie/researchandeducation/education/primary/

www.askaboutireland.ie  Eco Detective Resource for Primary Schools

www.coolkidsforacoolclimate.com/

www.energyquest.ca.gov/index.html

www.eere.energy.gov.kids

www.learn-energy.net/education/

www.suschool.org.uk

# Bí Clúdaithe, Bí Te

## bileog taifeadta - fótachóipeáil agus úsáid

## Insliú

| Am (nóiméid) | Teocht (°C) |
|---|---|
| 0 | |
| 2 | |
| 4 | |
| 6 | |
| 8 | |
| 10 | |
| 12 | |
| 14 | |





seai ÚDARÁS FUINNIMH INMHARTHANA NA hÉIREANN | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta